Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15554/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0416(NLE)**

**ECOFIN 1193**
**FIN 1172**
**UEM 359**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 735 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10686/21 INIT; ST 10686/21 ADD 1) an 20 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 735 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 735 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.11.2023
COM(2023) 735 final

2023/0416 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10686/21 INIT; ST 10686/21 ADD 1) an 20 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire**

{SWD(2023) 377 final}

2023/0416 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10686/21 INIT; ST 10686/21 ADD 1) an 20 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Chipir an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 17 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 20 Iúil 2021[2].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 1 Meán Fómhair 2023, chuir an Chipir plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.

(4) Cuireann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe san áireamh freisin an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus áirítear leis iarraidh réasúnaithe don Choimisiún moladh a dhéanamh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 lena meastar nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla go páirteach. Na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Chipir isteach, baineann siad le 78 mbeart.

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

[2] ST 10686/21; ST 10686/21 ADD 1.

(5) An 14 Iúil 2023 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Cipire i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, mhol an Chomhairle go gcoinneodh an Chipir seasamh fioscach fónta agus, ag an am céanna, go gcaomhnódh sí infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta agus go n-áiritheodh sí ionsú éifeachtach thacaíocht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus chistí an Aontais, go háirithe chun an t-aistriú glas agus digiteach a chothú. Mhol an Chomhairle freisin fiachas príobháideach a laghdú, lena n-áirítear trí chreat éifeachtach foriaimh a chur chun feidhme, agus feabhas a chur ar rialachas na n-eintiteas atá faoi úinéireacht an stáit. Chun a spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus leas a bhaint as an acmhainneacht neamhshaothraithe uile maidir le giniúint fuinnimh in-athnuaite, moladh don Chipir tuilleadh infheistíochtaí a dhéanamh san eangach leictreachais, dlús a chur le forbairt idirnasc leictreachais, borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh, aistriú i dtreo iompar inbhuanaithe agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir le scileanna agus inniúlachtaí glasa.

(6) Cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an t- achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

***Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18(2) de Rialachán 2021/241***

(7) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Chipir isteach tugtar 10 mbeart cothrom le dáta chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. Mhínigh an Chipir, toisc gur laghdaigh an ranníocaíocht uasta airgeadais ó EUR 1 005 946 047 [3] go EUR 915 758 509, [4] nach féidir na bearta uile i bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh na Cipire a mhaoiniú a thuilleadh. Mhínigh an Chipir gur cheart deireadh a chur le bearta áirithe mar gheall ar an laghdú ar an leithdháileadh agus chun leibhéal an chur chun feidhme is gá a laghdú i gcomparáid le plean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh beart eile.

(8) Níl bearta áirithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a thuilleadh faoi chomhchodanna 2.3 — Bainistiú Cliste Inbhuanaithe Uisce, 3.1 — Samhail Nua Fáis agus éagsúlú an gheilleagair, 3.3 — Tacaíocht ghnó don iomaíochas, 3.4 — Údaráis Phoiblí agus áitiúla a nuachóiriú, an ceartas a dhéanamh níos éifeachtúla agus an t-éilliú a chomhrac agus 4.1 — Bonneagar le haghaidh nascachta a uasghrádú. Baineann na bearta sin le hInfheistíocht C2.3I7 — Bonneagar na Niocóise Thoir chun fuíolluisce cóireáilte a athúsáid ar mhaithe le hacmhainneacht stórála Gléasra Cóireála Fuíolluisce a mhéadú i limistéar Vathia Gonia chun gur féidir méid iomlán an fhuíolluisce chóireáilte a úsáid; infheistíocht C3.1I4 Tús a chur le Páirc Eolaíochta

[3] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Cipire de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

[4] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Cipire de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

Éicithionscail a bhunú ar mhaithe le creat a leagan síos chun fás na hinfheistíochta dírí úrnua a spreagadh agus chun braisle d'eintitis déantúsaíochta éadroma a óstáil a dhíríonn ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh (agus béim ar an ngrianfhuinneamh), ar réitigh teicneolaíochta talmhaíochta, agus ar TFC; infheistíocht C3.3I3 — Seirbhísí comhairliúcháin le haghaidh Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) chun forbairt FBManna sa Chipir a chur chun cinn agus a n-iomaíochas a mhéadú, trí sheirbhísí comhairleacha saincheaptha agus trí uirlisí tacaíochta neamhairgeadais eile; infheistíocht C3.3I5 — Tacaíocht a thabhairt d'oscailteacht agus eiseachas ghnólachtaí na Cipire maidir leis an trádáil idirnáisiúnta chun neartú a dhéanamh ar eiseachas fiontar nua agus fiontar atá ann cheana, ar fiontair iad atá gníomhach i réimsí mhonarú agus phróiseáil agus mhargú na dtáirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha chomh maith le soláthraithe seirbhíse; infheistíocht C3.4I1 — Cuíchóiriú an chórais sealoibre trí Chóras Pleanála Uainchlár a chur chun feidhme chun patrúin sealoibre a bharrfheabhsú agus gnóthachain táirgiúlachta agus éifeachtúlachta a sholáthar in eagraíochtaí san earnáil phoiblí, ar eagraíochtaí iad a sholáthraíonn seirbhísí ag agaí éagsúla agus infheistíocht C4.1I3 — Nasc fomhuirí leis an nGréig chun nascacht idirlín fíor- ardacmhainne athléimneach a chruthú don Chipir trí nasc fomhuirí nua le haghaidh nascacht sonraí idir an Chipir agus an Ghréig. Dá bhrí sin ba cheart an tuairisc ar na bearta sin agus ar na garspriocanna agus na spriocanna gaolmhara a bhaineann leo a bhaint as an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

(9) Ina theannta sin, an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Chipir isteach, athraíonn sé bearta faoi chomhchodanna 2.1 — Aeráidneodracht, Éifeachtúlacht fuinnimh agus treá fuinnimh in-athnuaite, 2.2 — Iompar inbhuanaithe, 3.1 — Samhail Nua Fáis agus éagsúlú an gheilleagair agus 5.2 — Margadh an tSaothair, Cosaint Shóisialta agus cuimsiú chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a léiriú. Go háirithe, beart C2.1I4 Laghdú ar astaíochtaí CO2 i dtionscail, i ngnólachtaí agus in eagraíochtaí faoi chomhchuid 2.1 — Aeráidneodracht, Éifeachtúlacht fuinnimh agus treá fuinnimh in-athnuaite; beart C2.2I3 Úsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha (EVanna) a chur chun cinn faoi chomhchuid 2.2 — Iompar inbhuanaithe; beart C3.1I12 Bainistiú dramhaíola i dtreo an gheilleagair chiorclaigh faoi chomhchuid 3.1 — Samhail Nua Fáis agus éagsúlú an gheilleagair; agus beart C5.2I1 Feabhas a chur ar éifeachtacht na Roinne Saothair agus Seirbhísí Poiblí Fostaíochta agus tacaíocht do dhaoine óga a threisiú faoi chomhchuid 5.2 — Margadh an tsaothair, cosaint shóisialta, leas sóisialta agus cuimsiú, athraítear iad chun leibhéal an chur chun feidhme is gá a laghdú i gcomparáid leis an bplean bunaidh chun an leithdháileadh laghdaithe a léiriú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(10) Anuas air sin, d'iarr an Chipir go mbainfí úsáid as na hacmhainní eile a saoradh trí dheireadh a chur le bearta faoi Airteagal 21 de Rialachán 2021/241 chun beart a chur san áireamh. Baineann sé sin le hinfheistíocht C3.1I1 — Bonneagar comhoibríoch dobharshaothraithe mhuirí (saoráidí calafoirt agus talún) a thógáil i limistéar cósta Pentakomo lena mbaineann garspriocanna comhfhreagracha 91 agus 92 (Tógáil an bhonneagair chomhoibríoch dobharshaothraithe mhuirí agus an bhonneagair oibríochtúil chomhoibríoch dobharshaothraithe mhuirí).

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán 2021/241***

(11) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Chipir isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 48 mbeart.

(12) Mhínigh an Chipir nach féidir 12 bheart a bhaint amach a thuilleadh toisc go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chostais mheasta na mbeart mar gheall ar bhoilsciú ard. Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, d'fhan an boilsciú ard in 2022, ag + 8.1 %, agus ba é an méadú mór ar phraghsanna fuinnimh agus go háirithe ar bhreoslaí iontaise allmhairithe ar a mbraitheann an Chipir go mór ba chúis leis sin. Go háirithe, bhí tionchar ag an méadú gan choinne ar phraghsanna amhábhar, breosla agus iompair ar earnáil na tógála, rud a d'fhág gur tháinig méadú suntasach ar phraghas na n-ábhar tógála intíre agus allmhairithe chomh maith le táirgí leictrimheicniúla. Rinne na méaduithe ar phraghsanna difear freisin don chuid is mó den trealamh chun bonneagar tástála an fhuinnimh in-athnuaite agus na n-eangach cliste a uasghrádú. Baineann sé sin le hInfheistíocht 5 faoi seach: Ospidéil Stáit na Cipire a fheabhsú, a nuachóiriú agus a uasghrádú faoi chomhchuid 1.1 Córas Sláinte Athléimneach Éifeachtach, Cosaint Shibhialta Fheabhsaithe; Athchóiriú 1: An Cánachas Glas faoin gcomhchuid, 2.1 Aeráidneodracht, Éifeachtúlacht fuinnimh agus treá fuinnimh in-athnuaite; Infheistíocht 2: Foinsí in-athnuaite fuinnimh agus bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i dteaghaisí agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh i dteaghlaigh ina bhfuil daoine faoi mhíchumas faoi chomhchuid 2.1 — Aeráidneodracht, éifeachtúlacht fuinnimh agus treá fuinnimh in-athnuaite; Infheistíocht 3: Úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus coigiltis fuinnimh a spreagadh ag údaráis phoiblí áitiúla/níos leithne agus éascú a dhéanamh ar aistriú na bpobal áitiúil i dtreo maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin faoi chomhchuid 2.1 Aeráidneodracht, Éifeachtúlacht fuinnimh agus treá fuinnimh in-athnuaite; Infheistíocht 6: Bonneagar tástála fuinnimh in-athnuaite agus eangaí cliste a uasghrádú in Ollscoil na Cipire faoi chomhchuid 2.1 Aeráidneodracht, Éifeachtúlacht fuinnimh agus treá fuinnimh in-athnuaite; Infheistíocht 9: Cosaint dóiteáin foraoisí faoi chomhchuid 2.1 Aeráidneodracht, Éifeachtúlacht fuinnimh agus treá fuinnimh in-athnuaite; Infheistíocht 6: Slándáil uisce a fheabhsú do réigiúin na Niocóise agus Larnaca faoi chomhchuid 2.3 Bainistiú Cliste Inbhuanaithe Uisce; Infheistíocht 1: Tionscadail Inbhuanaithe Soghluaisteachta Uirbí (SUMP) agus bearta feabhsaithe inrochtaineachta a chur chun feidhme faoi chomhchuid 2.2 Iompar inbhuanaithe; Infheistíocht 3: Úsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha (EVanna) a chur chun cinn faoi chomhchuid 2.2 Iompar inbhuanaithe; Infheistíocht 6: Athghiniúint agus Athbheochan Ionchathair na Niocóise faoi chomhchuid 3.4 Údaráis phoiblí agus áitiúla a nuachóiriú, an ceartas a dhéanamh níos éifeachtúla agus an t-éilliú a chomhrac; Infheistíocht 1 Modhscoil a thógáil faoi chomhchuid 5.1 Nuachóiriú, uas-sciliú agus athoiliúint sa chóras oideachais agus Infheistíocht 4 Ionaid Leanaí i mBardais faoi chomhchuid 5.2 Margadh an tsaothair, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chipir go laghdófaí leibhéal an chur chun feidhme is gá maidir leis na bearta thuasluaite trí gharspriocanna nó spriocanna áirithe a leasú nó trí fhobhearta áirithe a bhaint, agus síneadh a chur le hamlíne na ngarspriocanna nó na spriocanna a bhaineann le roinnt de na bearta thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(13) Mhínigh an Chipir nach féidir ceithre bheart a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar shuaitheadh sa slabhra soláthair. In 2022, mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, tháinig borradh ar phraghsanna fuinnimh agus tráchtearraí sa Chipir agus tháinig moill ar an bhfás eacnamaíoch (5.6 % vs. 6.6 % in 2021) i measc suaitheadh sa slabhra soláthair agus praghsanna arda fuinnimh agus tráchtearraí. Mhínigh an Chipir go raibh an suaitheadh ábhartha go háirithe maidir le hallmhairiú Feithiclí Leictreacha nua ón gcoigríoch, agus go bhfuil méadú tagtha ar agaí tionscanta maidir le trealamh TFC go leibhéil nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, agaí tionscanta a

sháraíonn 180 lá go minic. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: Infheistíocht 2: Bonneagar leictrea-shoghluaisteachta a chruthú faoi chomhchuid 2.2 Iompar inbhuanaithe, toisc gur cuireadh an sprioc-am siar 6 mhí i gcás ceann amháin de na fobhearta sa bheart mar thoradh ar shuaitheadh sa slabhra soláthair (scéim deontais a bhfuil sé d'aidhm aici feithiclí leictreacha a athluchtú ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn); Infheistíocht 8: An t-éiceachóras muirí a chosaint ar ghuaiseacha agus feabhas a chur ar leibhéal éifeachtúlachta na sásraí ullmhachta, coisc agus freagartha maidir le doirtí ola faoi chomhchuid 2.3 Bainistiú Cliste Inbhuanaithe Uisce, ós rud é gur tháinig forbairtí gan choinne sa phróiseas soláthair as suaitheadh sa slabhra soláthair, rud a d'fhág go raibh aga monaraíochta agus seachadta níos faide ag na soithí; Infheistíocht 1: Córas Faisnéise Comhtháite do Chláraitheoir na gCuideachtaí agus don Ghlacadóir Oifigiúil faoi chomhchuid 3.3 Tacaíocht ghnó don iomaíochas, ós rud é go raibh suaitheadh sa slabhra soláthair ina chúis le ham seachadta níos faide i gcás na gcóras líonra atá ag teastáil chun an córas a chur chun feidhme; agus Infheistíocht 1: Digitiú in Aireachtaí éagsúla Rialtais Láir — Seirbhísí faoi chomhchuid 4.2 Ríomhrialtas a chur chun cinn, ós rud é go raibh deacrachtaí agus moilleanna gan choinne ann maidir le cur chun feidhme an bhirt don Aireacht Gnóthaí Eachtracha mar thoradh ar fhadhbanna a bhaineann leis an slabhra soláthair, agus tagairt á déanamh d'uasghrádú chórais na n-ambasáidí san Úcráin agus sa Rúis. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chipir go laghdófaí leibhéal an chur chun feidhme is gá maidir leis na bearta thuasluaite trí gharspriocanna nó spriocanna áirithe a leasú nó trí fhobhearta áirithe a bhaint, agus síneadh a chur le hamlíne na ngarspriocanna/na spriocanna a bhaineann le roinnt de na bearta thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(14) Mhínigh an Chipir go ndearnadh 14 bheart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun bun-uaillmhian an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: Infheistíocht 6 Seirbhísí trasteorann cineálacha r-shláinte a chur in úsáid sa Chipir faoi chomhchuid 1.1 Córas sláinte athléimneach éifeachtach, cosaint shibhialta fheabhsaithe, mar go mbeidh rochtain ag an bPointe Teagmhála Náisiúnta Oscailte ar bhailiú uathoibríoch, neamh-mhaoirsithe faisnéise agus ar asbhaint sonraí tríd an mBonneagar Seirbhísí Digiteacha r-Shláinte (eHDSI), chun léiriú níos fearr a thabhairt ar riachtanais úsáideoirí; Infheistíocht 1: Infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn in FBManna agus in eagraíochtaí neamhbhrabúsacha faoi chomhchuid 2.1 Aeráidneodracht, Éifeachtúlacht fuinnimh agus treá fuinnimh in-athnuaite, ós rud é gur athraíodh an raon feidhme (FBManna agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha amháin) go háirithe chun forluí le beart eile a sheachaint; Infheistíocht 4: Laghdú astaíochtaí CO2 i ngnólachtaí a spreagadh faoi chomhchuid 2.1 Aeráidneodracht, Éifeachtúlacht fuinnimh agus treá fuinnimh in-athnuaite, mar gur cuireadh isteach sprioc nithiúil maidir le líon na ngnóthas a bhfuil pleananna laghdaithe astaíochtaí GCT forbartha acu; Infheistíocht 11: Líonra Pointí Glasa na Cipire a fheabhsú agus a leathnú agus líonra Pointí Bailiúcháin agus Cúinní Athchúrsála a chruthú faoi chomhchuid 3.1 Samhail Fáis Nua agus éagsúlú an gheilleagair, ós rud é go mbíonn suíomhanna malartacha níos éifeachtúla ó thaobh costais agus ama de mar gheall ar shaincheisteanna dearaidh i suíomhanna a bhí beartaithe ar dtús; Athchóiriú 2: Ardán ar líne chun feabhas a chur ar an tsiméadracht trádála agus faisnéise i slabhra soláthair na dtáirgí úra 3.1 Samhail Fáis Nua agus éagsúlú an gheilleagair, ós rud é gur cosúil gurb é an réiteach is costéifeachtaí chun an toradh céanna a bhaint amach uirlis TF atá ann cheana a úsáid agus a oiriúnú seachas uirlis nua a fhorbairt; Athchóiriú 1 Beartas T&N agus uirlisí beartais náisiúnta faoi chomhchuid 3.2 Taighde agus Nuálaíocht Fheabhsaithe, ós rud

é go bhfeabhsófar an Plean Gníomhaíochta chun torthaí na straitéise athbhreithnithe um speisialtóireacht chliste a chur san áireamh freisin agus chun creat ama níos faide a chumhdach. Infheistíocht 3 Clár cistiúcháin T&N maidir leis an aistriú glas faoi chomhchuid 3.2 Taighde agus Nuálaíocht Fheabhsaithe, ós rud é, tar éis an chéad ghlao, go bhféadfaí tuilleadh teicneolaíochtaí a fhorbairt faoin scéim lena n-áirítear teicneolaíochtaí glana agus teicneolaíochtaí ísealcharbóin tábhachtacha; Athchóiriú 2: Feabhas a chur ar an Sásra Mear Gníomhachtaithe Gnó faoi chomhchuid 3.3 Tacaíocht ghnó don iomaíochas, ós rud é, tar éis straitéis nua a ghlacadh in 2021, gur feabhsaíodh an sásra mear agus go ndearnadh aonad éascaithe gnó de, lena soláthraítear ardseirbhísí trí ardán ardleibhéil/córas digitithe; Athchóiriú 7: Comhdhlúthú talún uirbí faoi chomhchuid 3.4 Údaráis phoiblí agus áitiúla a nuachóiriú, an ceartas a dhéanamh níos éifeachtúla agus an t-éilliú a chomhrac, ós rud é gur neartaíodh an beart trí raon feidhme an bhirt a leathnú thar limistéir chónaithe, agus ar an gcaoi sin rogha níos fearr a chur ar fáil; Athchóiriú 4: Creat dlíthiúil nua agus córas nua le haghaidh malartaithe sonraí agus biúrónna creidmheasa faoi chomhchuid 3.5 Cobhsaíocht Fhioscach agus Airgeadais a Choimirciú, mar ba léir gurb é ARTEMIS, an t-eintiteas arb é an sásra malartaithe sonraí atá ann faoi láthair, an t-orgánach is fearr atá ann chun úinéireacht a bheith aige ar an gclár creidmheasa; Athchóiriú 5: Plean gníomhaíochta chun clár faireacháin dliteanais a fhorbairt faoi chomhchuid 3.5 Cobhsaíocht Fhioscach agus Airgeadais a Choimirciú, ós rud é go raibh an chuma ar an scéal go raibh úsáid agus feabhsú Thrádstóras Faisnéise an Rialtais ina rogha níos fearr i bhfianaise easpa úsáide agus éifeachtúlachta na n-aschur a bhí beartaithe ar dtús (d’fhéadfadh dhá scór creidmheasa an chinnteoireacht a dhéanamh níos casta agus níos costasaí); Infheistíocht 2: Uasghrádú a dhéanamh ar an nasc idirlín ionas go mbeidh sé ‘réidh don ghigighiotán’ agus glacadh nascachta a chur chun cinn 4.1 Uasghrádú a dhéanamh ar bhonneagar le haghaidh nascachta, ós rud é gur measadh gur rogha níos fearr a bheadh i scéim atá dírithe ar an tseirbhís ná an scéim bhunaidh, i bhfianaise easpa spéise an mhargaidh; agus Athchóiriú 1: Monarcha na Seirbhísí Digiteacha faoi chomhchuid 4.2 Ríomhrialtas a chur chun cinn, ós rud é gur shainaithin údaráis na Cipire samhail eagraíochtúil a bhí níos dírithe ar na saoránaigh agus níos éifeachtúla chun seirbhísí digiteacha a fhorbairt; agus Athchóiriú 3 An t-oideachas réamh-bhunscoile éigeantach saor in aisce a leathnú de réir a chéile ó cheithre bliana d’aois faoi chomhchuid 5.1 Nuachóiriú, uas-sciliú agus athoiliúint sa chóras oideachais, ós rud é go meastar go mbeidh tionchar i bhfad níos fadmharthanach agus níos dearfaí ag cruthú acmhainneachta breise i naíscoileanna poiblí agus comhchoiteanna, in éineacht le scéim fóirdheontais shealadach a ghabhann leis, d’ainneoin creat ama cur chun feidhme níos faide. Is é is aidhm don chur chuige sin dul chun tairbhe do ghrúpaí leochaileacha go háirithe. Ar an mbonn sin, d’iarr an Chipir go ndéanfaí ábhar roinnt de na bearta thuasluaite a mhodhnú agus go gcuirfí síneadh le hamlíne garspriocanna/spriocanna áirithe a bhaineann le cuid de na bearta thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(15) Mhínigh an Chipir nach féidir dhá bheart a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar easpa tairisceana. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: Infheistíocht 8: Breisluach earnáil na turasóireachta a fheabhsú agus béim á leagan ar an tuath, ar limistéir shléibhtiúla agus iargúlta faoi chomhchuid 3.1 Samhail Nua Fáis agus éagsúlú an gheilleagair, toisc go raibh sainiú ró-shrianta ar ghnólachtaí incháilithe ina chúis le ráta íseal rannpháirtíochta sa scéim; agus Athchóiriú 8: Feabhas a chur ar mhaoirseacht na gCistí Árachais agus Pinsean faoi chomhchuid 3.5 An Chobhsaíocht Fhioscach agus Airgeadais a Choimirciú, mar gheall ar líon róbheag iarrthóirí a bhfuil cáilíochtaí achtúireacha gairmiúla acu. Ar an mbonn sin, d’iarr an Chipir gnéithe

áirithe de na bearta thuasluaite a mhodhnú agus síneadh a chur le hamlíne spriocanna áirithe. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(16) Mhínigh an Chipir nach féidir cúig bheart a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar easpa éilimh. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: Infheistíocht 2: Córas TFC nuálach Sláinte Poiblí na Cipire (CIPHIS) faoi chomhchuid 1.1 Córas Sláinte Athléimneach Éifeachtach, Cosaint Shibhialta Fheabhsaithe, toisc nach raibh go leor dochtúirí fairtheora ar fáil chun sonraí a iontráil sa mhodúl 'Influenza Sentinel Surveillance' (ISS) de Chóras TFC nuálach Sláinte Poiblí na Cipire; Athchóiriú 3: Feabhas géiniteach ar dhaonra caorach agus gabhar na Cipire faoi chomhchuid 3.1 Samhail Nua Fáis agus éagsúlú an gheilleagair, ós rud é, in ainneoin síntí a bheith curtha leis na spriocdhátaí tairisceana, gur chuir níos lú ná 40 tairbhí/feirmeoir a bhí incháilithe iarratas isteach. Infheistíocht 5: Cathracha cliste faoi chomhchuid 3.4 Údaráis phoiblí agus áitiúla a nuachóiriú, an ceartas a dhéanamh níos éifeachtúla agus an t-éilliú a chomhrac, ós rud é nár léirigh ach 25 de bhardais an oileáin spéis a bheith rannpháirteach sa tionscnamh; Infheistíocht 3 Struchtúir bhaile a bhunú le haghaidh leanaí, déagóirí a bhfuil neamhord iompair orthu agus daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu faoi chomhchuid 5.2 Margadh an tsaothair, cosaint shóisialta, leas sóisialta agus cuimsiú, toisc nár léirigh aon oibreoir eacnamaíoch spéis; agus Infheistíocht 7 Scéim chun iomaíochas fiontar mór san earnáil déantúsaíochta a fheabhsú faoi chomhchuid 3.1 Samhail nua Fáis agus éagsúlú an gheilleagair, ós rud é go raibh an cur siar mar thoradh ar easpa éilimh leordhóthanaigh agus líon teoranta tionscadal incháilithe, rud a d'fhág go raibh gá eisiúint an ghlao ar thairiscintí a chur siar bliain amháin. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chipir gnéithe áirithe de na bearta thuasluaite a mhodhnú agus síneadh a chur leis an amlíne nó spriocanna áirithe a bhaineann leis na bearta thuasluaite a bhaint. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(17) Mhínigh an Chipir nach féidir beart amháin a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh mar gheall ar shaincheisteanna teicniúla agus feidhmiúla gan choinne, tar éis an dearadh agus an fhorbairt a thabhairt chun críche. Baineann sé sin leis an mbeart a leanas: Athchóiriú 9: Claochlú digiteach na gcúirteanna faoi chomhchuid 3.4 Údaráis phoiblí agus áitiúla a nuachóiriú, an ceartas a dhéanamh níos éifeachtúla agus an t-éilliú a chomhrac. Tar éis chéim an deartha agus na forbartha a chur i gcrích, tháinig saincheisteanna teicniúla agus feidhmiúla gan choinne chun cinn le linn thástáil inghlacthachta an úsáideora ar an gcóras, rud a d'fhág gur ghá gníomhaíochtaí ceartaitheacha a chur chun feidhme a raibh moilleanna mar thoradh orthu. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chipir síneadh a chur leis an amlíne maidir le garsprioc amháin a bhaineann leis na bearta thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(18) Mhínigh an Chipir nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne a bhí beartaithe ar dtús mar gheall ar cheanglais theicniúla agus sonraíochtaí teicniúla a bhí in easnamh, atá le tabhairt isteach nuair a bheidh reachtaíocht ábhartha an Aontais i réimse Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE i bhfeidhm, rud a bheadh riachtanach chun dul ar aghaidh le hiarraidh ar thairiscintí agus, dá bhrí sin, le síniú an chonartha. Baineann sé sin leis an mbeart a leanas: Infheistíocht 2: Digitiú Údarás Calafort na Cipire faoi chomhchuid 4.2 Ríomhrialtas a chur chun cinn. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chipir go gcuirfí siar an amlíne chun cuid de chloch mhíle a bhaineann leis na bearta thuasluaite a chur chun feidhme go dtí amlíne na cloiche míle ina dhiaidh sin. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(19) Mhínigh an Chipir nach féidir beart amháin a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh mar gheall ar chibirionsaithe gan choinne, rud a d'fhág gur ghá an straitéis chibearshlándála a athdhearadh. Baineann sé sin leis an mbeart a leanas: Athchóiriú 2: Sainmhíniú agus Cur Chun Feidhme beartais nua néalríomhaireachta maidir le córais agus seirbhísí TF an Rialtais faoi chomhchuid 4.2 Ríomhrialtas a chur chun cinn. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chipir go ndéanfaí ábhar garsprice amháin a bhaineann leis an mbeart thuasluaite a mhodhnú agus go gcuirfí síneadh le hamlíne garsprice amháin a bhaineann leis na bearta thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(20) Mhínigh an Chipir nach féidir seacht mbeart a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh mar gheall ar fhorbairtí gan choinne sna próisis chomhairliúcháin nó soláthair. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: Infheistíocht 4: Creidiúnú ospidéal poiblí agus príobháideach faoi chomhchuid 1.1 Córas Sláinte Athléimneach Éifeachtach, Cosaint Shibhialta Fheabhsaithe, toisc nach féidir an tréimhse chun próiseas creidiúnaithe d'ospidéal a chur i gcrích a bheith níos lú ná dhá bhliain, rud nár tháinig chun cinn ach le linn an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara; Infheistíocht 7: Suiteáil agus oibriú ar scála ollmhór ag Oibreoir Córais Dáileacháin (OCD) an Bhonneagair Méadraithe Chliste (Bonneagar Ard-Mhéadraithe) faoi chomhchuid 2.1 Aeráidneodracht, Éifeachtúlacht fuinnimh agus treá fuinnimh in-athnuaite, toisc gur tharla moilleanna gan choinne mar gheall ar thrí achomharc as a chéile agus toisc nach raibh an conraitheoir in ann a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh; Infheistíocht 13: Saoráidí Bainistíochta Dramhaíola Beostoic agus Seachtháirgí Ainmhithe (ABP) Orounda a bhunú faoi chomhchuid 3.1 Samhail Nua Fáis agus éagsúlú an gheilleagair, ós rud é gur léirigh torthaí an staidéir féidearthachta gur ghá an tsaoráid a athdhearadh beagnach go hiomlán; Infheistíocht 2: Bosca Gainimh Rialála a chruthú chun an Teicneolaíocht Airgeadais a chumasú faoi chomhchuid 3.3 Tacaíocht ghnó don iomaíochas, ós rud é gur tharla moilleanna soláthair mar gheall ar an ngá a bhí ann aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí sa mhargadh a tháinig chun cinn le linn an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara; Infheistíocht 6: Ciste cothromais státchistithe faoi chomhchuid 3.3 Tacaíocht ghnó don iomaíochas, ós rud é gur roghnaíodh bainisteoir ciste a raibh sainchónaí air san Eoraip ach lasmuigh den Chipir mar thoradh ar chritéir roghnúcháin tríú páirtí gan choinne; Athchóiriú 3: Nuachóiriú Dhlí na gCuideachtaí faoi chomhchuid 3.3 Tacaíocht ghnó don iomaíochas, ós rud é go raibh bacainn gan choinne sa phróiseas tairisceana mar gheall ar na leasuithe ábhartha aontaobhacha ar thairiscint an tairgeora tar éis na dámhachtana, leasuithe nach bhféadfaí glacadh leo agus arbh éigean fógra soláthair nua a fhoilsiú dá bharr; agus Athchóiriú 4 Claochlú digiteach na n-aonad scoileanna agus é d'aidhm aige feabhas a chur ar scileanna digiteacha agus scileanna a bhaineann le hoideachas ETIM faoi chomhchuid 5.1 Nuachóiriú, uas-sciliú agus athoiliúint sa chóras oideachais, i bhfianaise na moilleanna de bharr na tóra a bhí ar dhámhachtain an chonartha, mar aon le sainiúlachtaí an tionscadail sin atá dírithe ar an teicneolaíocht, rud a d'fhág nach raibh an trealamh teicneolaíochta a shonraítear sna doiciméid tairisceana ar fáil, agus go raibh moill theicniúil ann le linn phróiseas an chonartha dá bharr. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chipir go laghdófaí leibhéal an chur chun feidhme is gá maidir le cuid de na bearta thuasluaite agus go gcuirfí síneadh le hamlíne garspriocanna agus spriocanna áirithe a bhaineann le cuid de na bearta thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(21) Ar bhonn na n-acmhainní a scaoileadh mar gheall ar leasuithe ar Airteagal 21, tá sé beartaithe ag an gCipir uaillmhian birt amháin a mhéadú, rud atá nasctha le héileamh níos airde ná mar a bhí coinne leis. Baineann sé sin le hInfheistíocht 10 An táirge

turasóireachta a shaibhriú i gceantair thuaithe, shléibhtiúla agus iargúlta faoi chomhchuid 3.1 Samhail nua fáis agus éagsúlú an gheilleagair, ós rud é go raibh an spéis sa scéim níos airde ná mar a bhí coinne leis. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chipir go méadófaí leibhéal chur chun feidhme riachtanach an bhirt réamhluaite trí cheann de na spriocanna gaolmhara a mhéadú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

***Ceartúcháin ar earráidí cléireachais***

(22) Sainaithníodh 17 earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena ndéantar difear do 7 gcloch mhíle agus do 17 mbeart. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 17 Bealtaine 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Chipir. Baineann na hearráidí cléireachais sin le hAthchóiriú 1 Lárionad Náisiúnta um Fhianaise Chliniciúil agus Feabhsú Cáilíochta, Athchóiriú 2 Dearadh ardáin leictreonaigh chun faireachas a dhéanamh ar Thomhaltas Antaibheathach Nosacómach agus Ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte, Infheistíocht 1 Saoráidí nua do Bhunaíocht Fola na Cipire agus soláthar an trealaimh is déanaí a ghabhann leis an teicneolaíocht faoi chomhchuid 2.1 Aeráidneodracht, Éifeachtúlacht fuinnimh agus Fuinneamh in-athnuaite; Infheistíocht 2 Gléasraí Cóireála Uisce: uasghrádú chun feabhas a chur ar chaighdeán an uisce, Infheistíocht 4 Bainistiú Líonraí Cliste Uisce agus Séarachais, Infheistíocht 5 Bearta i gcoinne tuilte agus bearta maidir le bailiú uisce faoi chomhchuid 2.3 Bainistiú Cliste Inbhuanaithe Uisce; Athchóiriú 4 An geilleagar ciorclach a fheabhsú sa Tionscal faoi chomhchuid 3.1 Samhail Nua Fáis agus éagsúlú an gheilleagair; Athchóiriú 2 Dreasachtaí le haghaidh infheistíochtaí agus caipiteal daonna in T&N, Athchóiriú 3 Beartais agus dreasachtaí a thabhairt isteach chun rochtain ar bhonneagar agus ar shaotharlanna taighde a mhaoinítear go poiblí a éascú agus a chothú, Infheistíocht 1 Oifig lárnach aistrithe eolais a chur ar bun agus a oibriú faoi chomhchuid 3.2 Taighde agus Nuálaíocht Fheabhsaithe; Athchóiriú 4 Gníomhaireacht Náisiúnta um Chur Chun Cinn a dhearadh agus a bhunú, Infheistíocht 4 Scéim chun uasghrádú digiteach a dhéanamh ar fhiontair faoi chomhchuid 3.3 Tacaíocht ghnó don Iomaíochas; Athchóiriú 3 Straitéis chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa chóras idirbheart réadmhaoine (gníomhais teidil), Athchóiriú 9 Feabhas a chur ar bhailiú cánach agus éifeachtacht na Roinne Cánach faoi chomhchuid 3.5 Cobhsaíocht Fhioscach agus Airgeadais a Choimirciú; Athchóiriú 3 Digitiú Nósanna Imeachta Póilíneachta (Digipol) faoi chomhchuid 4.2 Ríomhrialtas a chur chun cinn; Athchóiriú 1 Aghaidh a thabhairt ar neamhréir scileanna idir an t-oideachas agus an margadh saothair (An Meánoideachas agus an tArdoideachas) faoi chomhchuid 5.1 Nuachóiriú, uas-sciliú agus athoiliúint sa chóras oideachais agus Athchóiriú 1 Córas Árachais Shóisialta agus Athstruchtúrú na Seirbhísí Árachais Shóisialta faoi chomhchuid 5.2 Margadh an tsaothair, cosaint shóisialta, leas sóisialta agus cuimsiú. Ní dhéantar difear leis na ceartúcháin sin do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

***Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán 2021/241***

(23) I gcaibidil REPowerEU tá dhá athchóiriú nua agus infheistíocht nua amháin. Athchóiriú 6.R1 maidir le Rannpháirtíocht Custaiméirí Gníomhacha, Féintomhaltóirí Fuinnimh In-athnuaite, Pobail Fuinnimh Saoránach, Pobail Fuinnimh In-athnuaite agus Freagairt Don Éileamh a rialáil agus a éascú trí Ionadaíocht Charnach sa mhargadh leictreachais, is é is aidhm dó glacadh tionscadal fuinnimh in-athnuaite sa tír a chumasú, agus ar an gcaoi sin treá níos tapúla fuinnimh in-athnuaite sa gheilleagar

a cheadú. Le hAthchóiriú 6.R2 maidir le creat rialála a thabhairt isteach chun pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha a nascadh leis an líonra dáileacháin,_ dírítear ar threoirlínte a bhunú le haghaidh foirmliú creataí rialála maidir le soláthar seirbhísí solúbthachta ag an Oibreoir Córais Dáileacháin (OCD) chomh maith le pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha a nascadh leis an líonra dáileacháin, is é is aidhm dó leathadh amach feithiclí leictreacha a éascú agus cur ar chumas na dtomhaltóirí deiridh páirt ghníomhach a ghlacadh sa mhargadh leictreachais. Infheistíocht 6.I3 maidir le huasghrádú fairsing fuinnimh an stoic tithíochta a chur chun cinn, is é is aidhm di an tomhaltas fuinnimh phríomhúil agus deiridh agus na hastaíochtaí CO2 i dteaghlaigh atá ann cheana a laghdú. Ina theannta sin, cuirfidh an scéim suiteáil na gCóras Fuinnimh In-athnuaite chun cinn sna teaghlaigh sin. Ba cheart laghdú 30 % ar an meán ar Phríomhéileamh Fuinnimh na bhfoirgneamh a athchóiríodh a bheith mar thoradh ar an gclár athchóirithe. Le hInfheistíocht 6.I7 maidir le taighde téamach i bhfiontair le haghaidh táirgeadh, stóráil, tarchur agus réitigh dáilte fuinnimh, dírítear ar dhreasachtaí le haghaidh gníomhaíochtaí spriocdhírithe T&N arb é is aidhm dóibh réitigh a sholáthar ar scrogaill a shainaithnítear i dtáirgeadh, stóráil, tarchur agus dáileadh fuinnimh (bonneagar, stóráil, eangach etc.) lena bhfeabhsófar feidhmiúlacht agus éifeachtúlacht bhonneagar na heangaí náisiúnta, lena gcuirfear dlús le comhtháthú na bhFoinsí Fuinnimh In-athnuaite agus lena laghdófar go suntasach riachtanais fuinnimh na tíre.

(24) Áirítear i gcaibidil REPowerEU freisin bearta méadaithe a dhéanann difear do chúig bheart faoi chomhchodanna 2.1: Aeráidneodracht, éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite, 2.2. Iompar inbhuanaithe, 3.1. Samhail nua fáis agus éagsúlú an gheilleagair agus 3.2. Taighde agus nuálaíocht fheabhsaithe Leis na bearta méadaithe a áirítear i gcaibidil REPowerEU, tugtar isteach feabhas substainteach ar leibhéal uaillmhéine na mbeart atá san áireamh cheana féin sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.

***Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún***

(25) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU, den chuid is mó (Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuireann go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(26) De réir an mheasúnaithe ar an bplean tosaigh, mhínigh an plean téarnaimh agus athléimneachta go soiléir conas a chuireann gach ais beartais (an tsláinte agus an chosaint shibhialta; an t-aistriú chuig geilleagar glas; athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair; agus margadh an tsaothair, an chosaint shóisialta, an t-oideachas agus caipiteal daonna) leis na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241. Cuireadh i dtreis go háirithe go raibh sé d'aidhm ag an an bplean téarnaimh agus athléimneachta rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an aistriú glas, lena n-áirítear astaíochtaí arda gás ceaptha teasa, bearnaí i mbainistiú uisce agus dramhaíola. Ina theannta sin, de réir an mheasúnaithe ar an bplean tosaigh, áiríodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bearta atá dírithe ar rannchuidiú leis an gclaochlú digiteach, agus béim á leagan ar nascacht agus ar réitigh ríomhrialtais, agus ábhair imní maidir leis an digitiú a chomhtháthú i mbearta i réimsí eile. Cuireadh i dtreis freisin go raibh coinne leis go gcothófaí fás cliste, inbhuanaithe

agus cuimsitheach le bearta lena bhfeabhsófar rochtain ar mhaoiniú cuideachtaí, spriocdhírithe taighde agus athchóirithe agus infheistíochtaí nuálaíochta, agus gur rannchuidigh an plean téarnaimh agus athléimneachta le feabhas a chur ar chomhtháthú agus cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach na Cipire leis an Aontas trí bhearta sa chóras sláinte agus sa bhonneagar sóisialta i measc nithe eile. Téann cuid de na bearta sin chun tairbhe na hathléimneachta sláinte, eacnamaíche, sóisialta agus institiúideach, agus cuireadh in iúl freisin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta gur beartais thábhachtacha iad na beartais don chéad ghlúin eile, do leanaí agus do dhaoine óga, lena gcumhdaítear bearta oideachais agus fostaíochta.

(27) Measann an Coimisiún nach bhfuil tionchar ag modhnú an phlean mar aon le caibidil REPowerEU ar an measúnú ar rannchuidiú iomchuí an phlean téarnaimh agus athléimneachta leis na sé cholún, arb é atá i gceist leis, den chuid is mó, freagairt chuimsitheach agus chothromaithe go leordhóthanach ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta mar a leagtar amach sa mhír roimhe seo.

***Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha***

(28) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go gcuirfidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar gach dúshlán nó ar fhothacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an gCipir, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh, agus moltaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(29) Go sonrach, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe moltaí tírshonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil sula ndearna an Coimisiún measúnú ar an bplean modhnaithe. Ós rud é go ndearnadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Chipir a choigeartú anuas, ní dhéantar moltaí 2022 agus 2023 nach mbaineann le dúshláin fuinnimh a mheas sa mheasúnú foriomlán.

(30) I ndiaidh dó measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha uile mar chuid de Sheimeastar Eorpach 2023, measann an Coimisiún gur cuireadh chun feidhme ina iomláine an moladh maidir le maoirseacht ar chuideachtaí fála creidmheasa a neartú (2019.2.3). Tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil leis na moltaí maidir le rialtais áitiúla (2019.1.3) agus maidir le hoibríochtú an Chórais Náisiúnta Sláinte (2019.3.4).

(31) Áirítear leis an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe sraith fhairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a chuir an Chomhairle faoi bhráid na Cipire i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe chun éifeachtúlacht na hearnála poiblí a fheabhsú (moltaí tírshonracha 2019.1, 2020.4.3), lena n-áirítear an córas breithiúnach (moltaí tírshonracha 2019.5, 2020.4) agus an córas cúraim sláinte (moltaí tírshonracha 2019.3.4, 2020.1.2), chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin maidir le margadh an tsaothair (moltaí tírshonracha 2019.3, 2020.2), chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó (moltaí tírshonracha 2019.4, 2020.3), chun cobhsaíocht airgeadais a chosaint (moltaí tírshonracha 2019.2) agus chun borradh a chur faoin aistriú glas (moltaí tírshonracha 2019.4, 2020.3, 2022.4,

2023.4), lena n-áirítear cur in úsáid níos mó beartas fuinnimh in-athnuaite, éifeachtúlachta fuinnimh agus comhshaoil.

(32) Tá coinne leis go dtreiseoidh caibidil REPowerEU le huaillmhian an phlean a mhéid a bhaineann leis na moltaí tírshonracha ábhartha a dtugtar aghaidh orthu i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Is é is aidhm do dhá bheart mhéadaithe infheistíocht phoiblí a leathnú sa taighde agus sa nuálaíocht atá nasctha leis an aistriú glas agus rannchuidiú leis an eangach leictreachais a uasghrádú agus a nuachóiriú, lena n-áirítear saoráidí stórála fuinnimh, i gcomhréir le moladh tírshonrach 4 2023. Tá sé d'aidhm ag an gCipir foinsí in-athnuaite fuinnimh i dteaghaisí a chur chun cinn mar aon lena n-úsáid ag údaráis phoiblí, spreagann sí aistriú na bpobal áitiúil i dtreo maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, agus tá sé i gceist aici creat rialála a thabhairt isteach le haghaidh oibriú na gComhphobal Fuinnimh, agus aghaidh bhreise á tabhairt ar an moladh tírshonrach maidir le cur in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus an spleáchas ar bhreosla iontaise a laghdú (2022, 2023 moladh tírshonrach 4). Thairis sin, tá an Chipir ag leathnú agus ag luathú na héifeachtúlachta fuinnimh trí bhearta a ghlacadh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i dteaghaisí, in údaráis áitiúla agus phoiblí, agus trí uasghrádú fuinnimh a dhéanamh ar fhiontair mhóra agus ar an stoc tithíochta atá ann cheana (2022 moladh tírshonrach 4.5, 2023 moladh tírshonrach 4.4). Trí fheabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh teaghaisí aonair, agus é sin dírithe go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, ba cheart go gcuideofaí leis an mbochtaineacht fuinnimh a laghdú sa Chipir (2023 moladh tírshonrach 4.5). Maidir leis an aistriú chuig iompar inbhuanaithe, mhéadaigh an Chipir a huaillmhian le bearta maidir le húsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha a chur chun cinn agus maidir le creat rialála a bhunú chun pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha a nascadh leis an líonra dáileacháin (2022, 2023 moladh tírshonrach 4.6).

(33) Rinneadh roinnt beart maidir leis an ngeilleagar ciorclach, an bainistiú uisce agus an digitiú a mhodhnú, a bhaint go páirteach nó a bhaint, gan uaillmhian an phlean téarnaimh agus athléimneachta a ísliú go suntasach. Tá tógáil bhonneagar na Niocóise Thoir le haghaidh athúsáid eisiltigh ón gcóireáil fuíolluisce agus dhá Ionad Athúsáide agus Deisiúcháin sa bhreis ar dháileadh múiríneoirí i gceantair thuaithe bainte ón bplean téarnaimh agus athléimneachta mar gheall ar an laghdú ar an ranníocaíocht airgeadais. Baineadh bunú na saoráidí bainistithe dramhaíola beostoic agus seachtháirgí ainmhithe faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241 mar gheall ar chastachtaí gan choinne agus moilleanna soláthair. An infheistíocht ar chábla sonraí fomhuirí chuig an nGréig (C4.1I3), baineadh í ón bplean freisin mar gheall ar an laghdú ar an ranníocaíocht airgeadais, agus na tionscnaimh phríobháideacha le haghaidh cáblaí fomhuirí eile a tháinig chun cinn ó cuireadh an plean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh ar fáil á gcur san áireamh freisin. Leis na bearta atá fágtha sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, áfach, leantar d'aghaidh shuntasach a thabhairt ar na moltaí tírshonracha maidir leis an ngeilleagar ciorclach, bainistiú dramhaíola agus tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí sa digitiú (2019 moladh tírshonrach 4.2, 2020 moladh tírshonrach 3.5, 2020 CSR 3.7).

(34) Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite, meastar freisin go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe leis na míchothromaíochtaí a cheartú, mar a shainaithnítear iad sna moltaí a rinneadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 in 2019, 2020 agus 2022, ar míchothromaíochtaí iad atá ann sa Chipir, go háirithe maidir le fiachas ard príobháideach, rialtais agus seachtrach, easnamh mór sa chuntas reatha agus cóimheas ard d'iasachtaí neamhthuillmheacha.

*Gan dochar suntasach a dhéanamh*

(35) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n- áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU nach ndéanfar difear suntasach le haon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sin do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(36) Na hathruithe a tugadh isteach leis an athbhreithniú ar an bplean, le modhnú na mbeart atá ann cheana nó tabhairt isteach beart nua, ní dhéanann siad difear don mheasúnú dearfach a rinneadh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh maidir leis an gcritéar measúnaithe seo.

(37) Maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí nua a tugadh isteach i gcaibidil REPowerEU, rinne an Chipir measúnú córasach ar gach beart i gcoinne an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil an Treoraíocht Theicniúil 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' (2021/C58/01). Leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n-áiritheoidh plean modhnaithe nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach.

*Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU*

(38) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in- athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(39) Na bearta méadaithe agus nua uile i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh, an scéim uas-scálaithe chun iomaíochas agus éifeachtúlacht fuinnimh fiontar mór sa Chipir a fheabhsú agus an t-athchóiriú maidir le creat rialála a thabhairt isteach le haghaidh oibriú na gComhphobal Fuinnimh, meastar go rannchuideoidh siad go díreach le cuspóir REPowerEU faoi Airteagal 21c(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 maidir le borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, an tionscal a dhícharbónú, táirgeadh agus glacadh bithmheatáin inbhuanaithe agus hidrigine in-athnuaite nó hidrigine saor ó iontaise a mhéadú agus sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Go háirithe, meastar go mbeidh laghdú 30 % ar Phríomhéileamh Fuinnimh na bhfoirgneamh athchóirithe mar thoradh ar roinnt de na cláir athchóirithe.

(40) Rannchuideoidh na bearta i réimse na bhfeithiclí leictreacha agus an infheistíocht nua maidir le taighde téamach i bhfiontair le haghaidh réitigh táirgthe, stórála, tarchurtha agus dáileacháin fuinnimh le cuspóir REPowerEU faoi Airteagal 21c (3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 maidir le haghaidh a thabhairt ar scrogaill tarchurtha fuinnimh inmheánacha agus trasteorann agus tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha agus a bhonneagar, lena n-áirítear iarnróid. Go háirithe, leis an athchóiriú ar thabhairt isteach creata rialála chun pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha a nascadh leis an

[5] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

líonra dáileacháin agus leis an infheistíocht a dhéanann uas-scálú ar an mbeart maidir le húsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha a chur chun cinn, ba cheart go n-éascófaí leathadh amach feithiclí leictreacha, rud a d'fhágfadh go mbeadh dreasachtaí méadaithe ann d'fhiontair agus do dhaoine aonair aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha agus, ar an gcaoi sin, tomhaltas breoslaí iontaise le haghaidh iompair a laghdú. Leis an infheistíocht thuasluaite sa taighde théamach, díreofar ar dhreasachtaí le haghaidh gníomhaíochtaí spriocdhírithe T&N arb é is aidhm dóibh réitigh a sholáthar ar scrogaill a shainaithnítear i dtáirgeadh, stóráil, tarchur agus dáileadh fuinnimh, lena bhfeabhsófar feidhmiúlacht agus éifeachtúlacht bhonneagar na heangaí náisiúnta, lena gcuirfear dlús le comhtháthú na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus lena laghdófar go suntasach riachtanais fuinnimh na tíre.

(41) Ar deireadh, rannchuideoidh an infheistíocht mhéadaithe ar chlár cistiúcháin don taighde téamach agus don nuálaíocht maidir leis an aistriú glas le cuspóir REPowerEU Airteagal 21c(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 maidir le tacú leis na cuspóirí thuas trí hathcháiliú brostaithe an lucht saothair i dtreo scileanna glasa, chomh maith le tacaíocht do slabhraí luacha na n-ábhar agus na dteicneolaíochtaí ríthábhachtacha atá nasctha leis an aistriú glas. Meastar go rannchuideoidh na bearta uile thuas le cuspóirí REPowerEU i gcomhleanúnachas agus i gcomhlántacht le roinnt athchóirithe agus infheistíochtaí eile a chuirtear chun cinn faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, go príomha faoi Chomhchodanna 2.1 agus 2.2, agus faoi thionscnaimh náisiúnta eile nó faoi chláir arna gcistiú ag an Aontas amhail cláir arna gcomhchistiú ag an mBeartas Comhtháthaithe agus ag na Cistí um Aistriú Cóir (e.g. dreasachtaí le haghaidh córais fuinnimh agus córais stórála fuinnimh in-athnuaite). Leis na bearta sin, neartaítear na bearta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, trí luas an athchóirithe fuinnimh a mhéadú do theaghlaigh agus don tionscal araon.

(42) Tugtar aghaidh freisin i gcaibidil REPowerEU ar an ngá atá le héagsúlú ó bhreoslaí iontaise trí dhlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite agus tacú le taighde agus nuálaíocht i réimse an aistrithe ghlais agus go háirithe táirgeadh, stóráil, tarchur agus dáileadh fuinnimh. Cuirfidh sé sin le feidhmiúlacht agus éifeachtúlacht bhonneagar na heangaí náisiúnta a fheabhsú, dlús a chur le comhtháthú na gCóras Fuinnimh In-athnuaite, rud a mhéadóidh slándáil soláthair fuinnimh na Cipire.

***Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo***

(43) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta go mór (Rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.

(44) Tá éifeacht trasteorann ag formhór na mbeart ós rud é go gcuireann siad leis an laghdú ar an éileamh agus ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, trí leictriú, trí tháirgeadh agus comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite sa líonra a chur chun cinn nó trí thacú le héifeachtúlacht agus coigilt fuinnimh, agus ar an gcaoi sin riachtanais fuinnimh na tíre a laghdú. Ba cheart an spleáchas laghdaithe sin ar bhreoslaí iontaise a léiriú freisin i sreafaí fuinnimh trasteorann na Cipire. Is éard atá i gceist le costais iomlána na mbeart sin méid is mó ná 30 % de chostais mheasta chaibidil REPowerEU.

(45) Cuidíonn beagnach gach beart le héileamh agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Spreagann roinnt acu éifeachtúlacht agus coigilt fuinnimh i bhfoirgnimh agus i bhfiontair phoiblí agus phríobháideacha, cuireann roinnt acu táirgeadh agus comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite sa líonra chun cinn, agus tacaíonn roinnt eile

acu le leictriú feithiclí. Leis na bearta sin, laghdaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise ar leibhéal an Aontais freisin, rud a thugann údar leis an measúnú go meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta go mór (Rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.

*Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n- áirítear an bhithéagsúlacht*

(46) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU a chuireann go mór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 45 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus 95 % de chostais mheasta iomlána na mbeart i gcaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(47) Níl tionchar ag na bearta a baineadh nó a laghdaíodh maidir le leibhéal an chur chun feidhme is gá ar uaillmhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú glas agus, i gcaibidil REPowerEU, déantar iarracht shuntasach bhreise tacú le haistriú glas na Cipire, ós rud é go gcuireann na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí go léir go dlúth leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus le feabhas a chur ar an gcreat rialála lena gcumasaítear an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide.

(48) Rannchuidíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, mar aon le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050 á chomhlíonadh an tráth céanna. Meastar go gcuirfidh bearta REPowerEU leis an aistriú glas trí úsáid mharthanach foinsí in-athnuaite fuinnimh agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i dteaghlaigh, san earnáil phoiblí agus i gcuideachtaí, a mbeadh laghdú suntasach ar an tomhaltas fuinnimh phríomhúil mar thoradh orthu. Chomh maith leis sin, leis an athchóiriú ar Rannpháirtíocht Custaiméirí Gníomhacha, Féintomhaltóirí Fuinnimh In-athnuaite, Pobail Fuinnimh Saoránach, Pobail Fuinnimh In-athnuaite agus Freagairt Don Éileamh a rialáil agus a éascú trí Ionadaíocht Charnach sa mhargadh leictreachais, beifear in ann glacadh go buan le tionscadail fuinnimh in-athnuaite sa tír, agus ar an gcaoi sin treá níos tapúla fuinnimh in-athnuaite sa gheilleagar a cheadú. Trí húsáid fhorleathan Feithiclí Leictreacha a chur chun cinn agus creat rialála a bhunú chun pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha a nascadh leis an líonra dáileacháin, méadófar na dreasachtaí d'fhiontair agus do dhaoine aonair aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha. Ar deireadh, leis na hinfheistíochtaí sa taighde téamacha lena gcuirfear dreasachtaí ar fáil le haghaidh taighde agus nuálaíocht spriocdhírithe atá nasctha le teicneolaíochtaí nua i réimse an aistrithe ghlais agus an fhuinnimh, cuirfear dlús le comhtháthú na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus laghdófar riachtanais fuinnimh na tíre.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(49) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus

athléimneachta modhnaithe a rannchuidíonn cuid mhór leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb ionann í agus 24.6 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(50) Tá an measúnú dearfach ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach a thugtar i gCinneadh Cur Chun Feidhme an 20 Iúil 2021 ón gComhairle fós bailí. Tá modhnuithe beaga ar naoi mbeart déag i gceist leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe maidir leis an aistriú digiteach, baintear dhá bheart maidir leis an aistriú digiteach, agus ní áirítear leis bearta nua a rannchuidíonn leis an aistriú digiteach.

***Costáil***

(51) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas measta iomlán a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha réasúnta agus measartha sochreidte (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost- éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(52) Maidir leis an measúnú costála ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh in 2021, bhí an fhaisnéis costála a chuir an Chipir ar fáil le haghaidh fhormhór na mbeart mionsonraithe go leor, míníodh an mhodheolaíocht go maith le ríomhanna a bhí éasca a leanúint agus bhí fianaise mar thaca leis sin. Níor measadh ach méid beag de na costais a bheith réasúnta agus inchreidte agus suas go dtí meánmhéid nó méid íseal amháin. Ar an iomlán, bhí an réasúnú a tugadh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh i ndáil le méid chostais mheasta iomlána an phlean téarnaimh agus athléimneachta measartha réasúnta agus inchreidte agus bhí sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta agus fuair sé rátáil 'B' an tráth sin.

(53) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais le haghaidh bhearta nua REPowerEU agus le haghaidh na mbeart atá ann cheana a raibh measúnú costais nua i gceist lena modhnuithe go bhfuil an chuid is mó de na costais réasúnta agus inchreidte. I líon fíorbheag cásanna, bhí teorainn leis na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáideadh chun na meastacháin ar chostais a dhéanamh, mar gheall i bpáirt, mar gheall i bpáirt ar úrnuacht na mbeart. Cuireann sé sin cosc ar rátáil A don chritéar measúnaithe seo. Ina theannta sin, bhí údar leis na hathruithe ar na meastacháin ar chostais i gcás na mbeart modhnaithe eile, bhí siad comhréireach leis na spriocanna athbhreithnithe nua agus tacaíodh leo le ríomhanna agus fianaise mhionsonraithe, agus mar sin níor athraíodh réasúnaíocht ná sochreidteacht na meastachán sin ar chostais i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(54) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus na bearta

breise atá sa Chinneadh seo, is leormhaith iad (Rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus táthar ag súil leis na socruithe go ndéanfar maoiniú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi cláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(55) Sa mheasúnú bunaidh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, cinneadh go raibh na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leormhaith (Rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus go rabhthas ag súil leis na socruithe go ndéanfaí maoiniú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi cláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach.

(56) Ó rinneadh an measúnú bunaidh, bhí rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme iarbhír chóras iniúchóireachta agus rialaithe na Cipire. Áirítear leis sin réamhthorthaí na hiniúchóireachta ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais (PFIU) arna ndéanamh ag an gCoimisiún sa Chipir. I bhfianaise na faisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire leordhóthanach ar an iomlán, ach tá roinnt easnamh ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu trí gharspriocanna tiomnaithe iniúchóireachta agus rialaithe. Baineann siad sin le heaspa beart iomchuí maidir le PFIU ar leibhéal na gComhlachtaí Cur Chun Feidhme agus le heaspa teorannú soiléir idir dleachtanna rialaithe agus cur chun feidhme. An córas rialaithe inmheánaigh a bhfuil tuairisc air i bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Cipire agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo, lena n-áirítear maidir le rialuithe neartaithe, is leordhóthanach iad i ndáil le héilliú, calaois agus coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus chun maoiniú dúbailte ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chláir eile an Aontais a sheachaint.

(57) Ba cheart garsprioc bhreise maidir le hiniúchóireacht agus rialú a thabhairt isteach. Comhlíonfar é faoin tráth a chuirfear an chéad iarraidh eile ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin tar éis ghlacadh an Chinnidh Cur Chun Feidhme seo agus beidh sé ina réamhriachtanas d'aon íocaíocht amach anseo. Chun cur chun feidhme éifeachtach beart comhréireach a áirithiú maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint (PFIU) de réir Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart treoirlínte éigeantacha a eisiúint agus a scaipeadh chuig na Comhlachtaí Cur Chun Feidhme uile, ina dtabharfar aghaidh ar réimsí criticiúla, lena n-áirítear measúnú riosca le haghaidh na gcineálacha fíoraithe uile, fíorú dúbailte ar chistiú agus nósanna imeachta seachanta, neamhrialtachtaí agus sceithireacht a láimhseáil le haghaidh idirghabhálacha arna gcistiú ag an Aontas, ceanglais maidir le rianta iniúchta, measúnú cuimsitheach ar an riosca calaoise do na húdaráis chonarthacha uile, agus feidhmeanna

[6] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

sonracha a bhunú laistigh den PFIU chun aghaidh a thabhairt ar chalaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa, agus teorannú soiléir na ról agus ailíniú cuí na rialuithe á n-áirithiú leis na treoirlínte sin ag an am céanna.

***Aon chritéir mheasúnaithe eile***

(58) Measann an Coimisiún nach ndéanann na modhnuithe a chuir an Chipir chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme 10686/21 ón gComhairle an 20 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta na Cipire i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (c) (g), (j) agus (k) de Rialachán (AE) 2021/241.

***An próiseas comhairliúcháin***

(59) Chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a leasú agus caibidil REPowerEU a fhorbairt, chuaigh an tÚdarás Comhordúcháin i mbun comhairliúcháin leis na príomhpháirtithe leasmhara institiúideacha, go háirithe chun athchóirithe agus infheistíochtaí atá le hionchorprú sa chaibidil nua a shainaithint. Leis na soiléirithe a chuir na hÚdaráis inniúla ar fáil, tugadh aghaidh ar roinnt ábhar imní a cuireadh in iúl maidir le bearta a bheartaítear a bhaint ón bplean téarnaimh agus athléimneachta, ar bhonn Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ar soiléirithe iad maidir leis an rún leanúint de na bearta sin a chur chun feidhme, tríd an mbuiséad náisiúnta le tacaíocht ó chistiú eile ón Aontas, más féidir.

(60) Chun an úinéireacht a áirithiú le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

***Comhionannas***

(61) Tá an tuairisc roimhe seo ar ghnéithe cur chun feidhme agus faireacháin an phlean agus ar an gcomhionannas inscne fós bailí. Ina theannta sin, faoi infheistíocht 2.1I2 maidir le fuinneamh in-athnuaite agus bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i dteaghaisí agus maidir le dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh i dteaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais, rud a mhéadaítear faoi chaibidil nua REPowerEU, leathnaítear an sainmhíniú ar thomhaltóirí leochaileacha leictreachais ar féidir leo tairbhe a bhaint as an scéim, trí ocht gcatagóir nua de ghrúpaí leochaileacha a chur leis (arna idirdhealú go háirithe de réir critéir ioncaim agus mhíchumais), agus, dá bhrí sin, is féidir le thart ar 1 400 teaghlach breise ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha tairbhe a bhaint as an scéim.

***Measúnú dearfach***

(62) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta lena n- áirítear caibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chur chun feidhme, lena n- áirítear caibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta

airgeadais agus iasachta neamh- iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU a leagan amach.

*Rannchuidiú airgeadais*

(63) Is é EUR 1 220 971 974 costais mheasta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Cipire lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Chipir, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 arna leithdháileadh do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Cipire lena n-áirítear caibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Cipire lena n-áirítear caibidil REPowerEU. EUR 915 758 509 atá sa tsuim sin.

(64) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 1 Meán Fómhair 2023 chuir an Chipir iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna roinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é EUR 104 580 000 costais mheasta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f) de Rialachán (AE) 2021/241 a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Chipir, ba cheart go mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise atá ar fáil don Chipir cothrom leis an sciar leithdháilte. Is ionann an méid sin agus EUR 52 408 822.

(65) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755[7], an 21 Feabhra 2023 chuir an Chipir iarraidh réasúnaithe isteach chun a leithdháileadh sealadach uile atá fágtha a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid, arb é EUR 52 056 350. Ba cheart an tsuim sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise.

(66) Ba cheart gurb é EUR 1 020 223 681 an ranníocaíocht airgeadais iomlán a bheidh ar fáil don Chipir.

*Réamh- mhaoiniú REPowerEU*

(67) D'iarr an Chipir an cistiú seo a leanas chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme: Aistriú EUR 52 056 350 ón leithdháileadh sealadach ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, agus EUR 52 408 822 ón ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(68) I gcás na méideanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241, an 1 Meán Fómhair 2023 d'iarr an Chipir réamh-mhaoiniú 20 % den mhaoiniú a iarradh. Faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don Chipir faoi réir theacht i bhfeidhm comhaontaithe atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Chipir de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ('an comhaontú maoinithe'), agus de réir an chomhaontaithe sin.

(69) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme CM 4171/21 ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus

---

7 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

athléimneachta na Cipire a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a athrú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 10686/2021 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Cipire a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socruithe agus an t- amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n- áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht ar fáil don Chipir i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb ionann í agus EUR 1,020,223,681.[8] Áirítear ar an rannchuidiú sin:

(a) beidh suim EUR 818 213 837 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

(b) beidh suim eile EUR 97 544 672 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) suim EUR 52 408 822[9], i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c den Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c (3), pointe (a) den Rialachán sin;

(d) suim EUR 52 056 350, arna aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.

Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Chipir i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 130 772 986 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.

Cuirfear méid EUR 20,893,034 ar fáil mar réamh- mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún réamh- mhaoiniú a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

---

8 Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Cipire de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin, a asbhaint.

9 Comhfhreagraíonn an tsuim sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Cipire de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Iarscríbhinn IVa a ghabhann leis an Rialachán sin, a asbhaint.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh- mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe.';

*Airteagal 2*
*Seolaithe*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Cipire.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*